ecdc
EUROPEAN CENTRE FOR DISEASE PREVENTION AND CONTROL



# Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir 2018

## Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra

www.ecdc.europa.eu

**Is é atá san achoimre seo ná rogha de na príomhghníomhaíochtaí ón mbliain 2018. Dá bhrí sin, ní phléitear inti réimse iomlán éachtaí ECDC i rith na bliana úd. Is sa leagan iomlán den Tuarascáil Bhliantúil a fhaightear forbhreathnú mionsonraithe ar réimse gníomhaíochtaí ECDC, ar a struchtúir eagrúcháin agus riaracháin agus ar a phlean oibre.**

https://ecdc.europa.eu/en/publications-data/annual-report-director-2018

Athfhriotal molta:
An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir – 2018: Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra. Stócólm: ECDC; 2019.

ISBN 978-92-9498-363-3 (PDF), 978-92-9498-351-0 (i gcló)

ISSN 2529-6191 (PDF), 2529-6221 (i gcló)

doi 10.2900/691137 (PDF), 10.2900/756091 (i gcló)

Uimhir chatalóige TQ-AX-19-001-GA-N (PDF), TQ-AX-19-001-EN-C (i gcló)

© An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2019

Gach pictiúr © ECDC, seachas iStock (leathanach 14, barr) agus (cc) Ceadúnas sannta Creative Commons neamhthráchtála (CC BY-NC 4.0) trí mheán na n-úsáideoirí Flickr.com seo a leanas: Nathan Reading (leathanaigh 6 agus 10, barr ar chlé); Judy Gallagher (leathanach 8, barr); Tom Schwan, Robert Fischer agus Anita Mora, National Institute of Allergy and Infectious Diseases, National Institutes of Health
(leathanach 8, bun); Alan Glover (leathanach 10, bun); Jon Southcoasting (leathanach 12/13); Shaury Nash (leathanach 24/25).

Údaraítear atáirgeadh, ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse

Na grianghraif faoi chóipcheart a úsáidtear san fhoilseachán seo; ní féidir iad a úsáid le haghaidh cuspóirí taobh amuigh den fhoilseachán seo ach amháin le cead sainráite ó shealbhóir an chóipchirt.

# Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir 2018

Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra

## Clár ábhar

Brollach ..... 3
Réamhrá ..... 3
ECDC – Gníomhaireacht na hEorpa don tsláinte phoiblí ..... 5
Cur chuige Eorpach don fhaireachas ar ghalair ..... 5
Cláir ghalar an ECDC: rian a choinneáil ar eipidéimeolaíocht galair ..... 7
Baictéir fhrithsheasmhacha in aghaidh antaibheathach agus ualach sláinte níos troime na hEorpa ..... 7
Céard is veicteoir ann? Agus an éireoidh mé tinn leis? ..... 9
Is amhlaidh ar uairibh nach leor é an mana, 'Bruith é, Cócaráil é, glan é nó déan dearmad air!' ..... 11
Cosc VEID: réamhnochtadh agus próifiolacsaigh ..... 13
Vacsaín do gach séasúr ..... 15
An féidir linn an eitinn folaigh a chosc? ..... 17
An scéal rathúil is mó riamh ..... 19
Cur chuige atá bunaithe ar fhíricí i leith sláinte phoiblí na hEorpa ..... 21
Faireachas ar ghalair ..... 21
Faisnéis eipidéime ..... 21
Ullmhacht ..... 23
Freagairt ..... 23
Comhairle eolaíochta ..... 23
Micribhitheolaíocht ..... 25
Nasc a chothú le pobal sláinte phoiblí na hEorpa ..... 27
Oiliúint agus tacaíocht tíre ..... 27
Cumarsáid faoin tsláinte phoiblí ..... 28
ECDC de réir na bhfigiúirí ..... 29








ecdc
EUROPEAN CENTRE FOR





# Brollach le Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Mar Chathaoirleach nuathofa ar Bhord Bainistíochta ECDC, is cúis áthais mhór dom Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra 2018 a chur faoi bhur mbráid. Thacaigh ECDC leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach ó cheann ceann na bliana ach:

- 35 measúnacht mhear-riosca a sheachadadh lenar soláthraíodh ionchur don bhainistiú riosca ar leibhéil AE agus náisiúnta;
- Seoladh leagain nua den 'Chóras Luathrabhaidh agus Freagartha' a shásaíonn gach ceanglas de Chinneadh Uimh. 1082/2013/CE; agus
- tuarascáil EULabCap nua a fhoilsiú ina léirítear go bhfuil easnaimh acmhainne agus cumais idir saotharlanna sna Ballstáit éagsúla tar éis crapadh go tapa.

D'fhoilsigh ECDC roinnt uirlisí ar líne a chuidíonn le tíortha chun ionchur fianaise-bhunaithe a phróiseáil agus tacú leis an gceapadh beartais. Áirítear leis sin sceidealóir vacsaíne, bogearraí samhaltaithe, léarscáileanna maidir le cásanna i mbun forbartha, atlas idirghníomhach faoi ghalair, bunachair shonraí faoi ghalair, agus roinnt doiciméad treorach.

Sheol an Bord Bainistíochta sa bhliain 2018 an tríú meastóireacht sheachtrach neamhspleách ar an Lárionad, ag clúdach na tréimhse idir na blianta 2013–2017. Is é coiste stiúrtha den Bhord Bainistíochta a dhéanann maoirseacht ar an meastóireacht, arb é conraitheoir seachtrach a thugann fúithi. Táthar ag dúil leis an tuarascáil deiridh níos déanaí amach sa bhliain.

Ag féachaint ar éachtaí iontacha ECDC, táimse ag súil go mór leis an gcéad dá bhliain eile i gceannas ar an mBord Bainistíochta. Beidh sí mar thréimhse spéisiúil don Lárionad, ina bhfeicfear torthaí na meastóireachta seachtraí ar an Lárionad agus straitéis fhadtéarmach nua. Beidh an Bord Bainistíochta fós ag lár na gcomhphléití, agus rachaidh sé in éineacht leis na hathruithe sin, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an Lárionad a mhisean agus tascanna i gcomhréir leis na coinníollacha arna leagan síos sa Rialachán lenar bunaíodh é.

An Dr. Anni-Riitta Virolainen-Julkunen

Cathaoirleach Bhord Bainistíochta ECDC

5 Márta 2019

*Barr ar chlé agus lár: Foirgneamh ECDC in Solna, an tSualainn*
*Barr ar dheis: Iar-cheanncheathrú ECDC*
*Lár ar dheis: Sáil na ndaoine ag gabháil thar bráid sna comhlaí doirse isteach*
*Bun: Cruinniú idirnáisiúnta i bpríomhsheomra comhdhála ECDC*



# Réamhrá ón Stiúrthóir

D'athlonnaigh ECDC go luath ag luath mhí Aibreáin 2018 chuig saoráid nua-aimseartha i gcomharsanacht Solna–Frösunda díreach lasmuigh de Stócólm. Rinne ár bhfoireann lóistíochta obair den scoth, agus bhíomar lánsocraithe inár dtimpeallachtaí nua sula i bhfad.

I dteannta leis an mbogadh fisiciúil, ghlacamar roinnt cinntí forleathana do thodhchaí ECDC:

- Thionscnaíomar saothar ar straitéis fhadtéarmach ECDC do na blianta 2021–2027.
- Rinneamar idirphlé lenár ngeallsealbhóirí ar dhá thionscadal nua agus bhríomhara: *Ríomhshláinte agus Teicneolaíochtaí Digiteacha* agus *Fadbhreathnaitheacht*.
- Tionscnamh *ECDC* an chéad ghlúin eile lena dtabharfar struchtúr eagrúcháin nua don Lárionad.
- Thionscain an Bord Bainistíochta an tríú meastóireacht bhliantúil ar an Lárionad, lena gclúdófar na blianta 2013–2017.

Choinníomar aird shoiléir ar na trí limistéar tosaíochta sa bhliain 2018:

- Vacsaínithe. Sholáthair ECDC fianaise eolaíochta don Choimisiún Eorpach faoi chomhair Mholadh nua ón gComhairle maidir le galair atá inchoiscthe le vacsaíní.
- Frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach. Rinneamar meastachán i staidéar nua go maraíonn na baictéir fhrithsheasmhacha in aghaidh ábhar frithmhiocróbach 33 000 Eorpach in aghaidh na bliana; baineann costais tuairim ar aon bhilliún euro in aghaidh na bliana san Eoraip leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach freisin.
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. I limistéar an fhaireacháin ar ghalair, d'ailínigh ECDC a shaothar faireacháin leis na spriocanna NA; is dea-shamplaí iad an faireachas ar VEID, ar an heipitíteas agus ar an eitinn de sin.

Chuir ECDC tús lena théarma i mí Mheán Fómhair 2018 mar Chathaoirleach ar Líonra na nGníomhaireachtaí AE. Ba dheis iontach é sin chun bheith rannpháirteach le hidirmhalartú faisnéise forleathan lenár gcomhghníomhaireachtaí, agus chuidigh linn ár bpróisis a ailíniú – le sochair inláimhsithe dá bharr dár ngnáthshaothar laethúil.

An Dr. Andrea Ammon

Stiúrthóir ECDC

5 Márta 2019


ecdc


European Centre for Disease Prevention and Control




Emergency
Operations
ecdc

# ECDC – Gníomhaireacht na hEorpa don tsláinte phoiblí

Is cuid de líonra gníomhaireachtaí AE é an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), a bunaíodh thiar sa bhliain 2005 agus atá bunaithe i Stócólm, an tSualainn. Feidhmíonn na gníomhaireachtaí sin tascanna teicniúla agus eolaíochta chun cuidiú le hinstitiúidí AE chun cinntí a ghlacadh agus beartais a chur chun feidhme. Is comhlachtaí díláraithe iad na gníomhaireachtaí AE agus faightear i mbeagnach gach aon Bhallstát AE iad.

Clúdaíonn raon feidhme shainordú ECDC an faireachas ar ghalair i leith os cionn 60 galar tógálach, idir SEIF/VEID agus galair zónóiseacha neamhchoitianta. Cuirimid chun cinn freisin na vacsaínithe, aithnímid iompraíochtaí ábhartha don tsláinte, cinntímid caighdeán na saotharlann ar fud na hEorpa, cuirimid éipidéimeolaithe sa tsláinte phoiblí ó fud na hEorpa faoi oiliúint, agus tugaimid eolas dár spriocluchtanna faoi gach gné de na galair thógálacha.

Ag deireadh na bliana 2018 bhí 267 ball foirne buan ag ECDC, agus iad ag gabháil do na cúraimí seo a leanas: faireachas ar ghalair, ráigeanna a bhrath, comhairle eolaíochta a thabhairt, an teicneolaíocht faisnéise, cumarsáid, agus riarachán.

## Cuir chuige Eorpach don fhaireachas ar ghalair

Oibríonn agus cothabhálann ECDC trí chóras mhóra chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha ar fud na hEorpa. Dírítear gach córas ar limistéar amháin den rialú galar: EWRS (bagairt a bhrath, foláirimh maidir le bagairt), EPIS (faisnéis eipidéime), agus TESSy (faireachas agus staidreamh ar ghalair).

- Córas faoi rún is ea an Córas Luathrabhaidh agus Freagartha (EWRS), a athdhearadh go hiomlán thiar sa bhliain 2018, trínar féidir leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach faisnéis a chomhroinnt maidir le teagmhais sláinte a d'fhéadfadh tionchar a fheidhmiú ar an Aontas Eorpach. Is tríd an gcóras sin freisin ar féidir leo comhordú a dhéanamh ar na bearta freagartha chun an tsláinte phoiblí a chosaint. Agus roinnt ráigeanna bruitíní ann sa bhliain 2018, chruthaigh an córas a luach arís mar sheirbhís foláirimh chumhachtach.
- Is ionann an Córas Faisnéise Eipidéime (EPIS) agus ardán slán gréasánbhunaithe cumarsáide trínar féidir le heolaithe agus le saineolaithe sa tsláinte phoiblí faisnéis eipidéimeolaíochta a idirmhalartú go hidirnáisiúnta.
- Is córas bunachair shonraí ar mhórscála é an Córas Eorpach Faireachais (TESSy) le haghaidh sonraí maidir le galair. Tuairiscíonn tíortha an Aontais Eorpaigh (AE)/den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a sonraí náisiúnta go rialta chuig TESSy maidir le galair thógálacha. Is ar bhunús na sonraí sin ar féidir le cuairteoirí ar Atlas Faireachais ECDC ar Ghalair Thógálacha tuairiscí faireachais nuashonraithe agus léarscáileanna idirghníomhacha a ghiniúint.

Ina theannta sin, tacaíonn ECDC le saothar an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát laistigh de Choiste Slándála Sláinte AE, a fheidhmíonn mar ghrúpa comhairleach maidir leis an tslándáil sláinte ar an leibhéal Eorpach.

*Barr ar chlé: Bratacha AE ar foluain thar ECDC*
*Barr ar dheis: Radharc ar fhoirgneamh nua ECDC ón mórbhealach*
*Lár ar dheis: Taobh istigh de dhath uaine agus geal*
*Bun: Feidhmíonn foireann faisnéise eipidéime mar óstach don chomhchruinniú laethúil*




Klebsiella pneumoniae *Foireann bhraite carbaipeineamáise KPC-1. D'fhéadfadh an fhrithsheasmhacht ghram-dhiúltach éirí ina saincheist ollmhór don chóireáil go ceann an chéad cúpla bliain eile. Is fíorbheagán atá ar na bacáin ag na gnólachtaí drugaí chun comhrac i gcoinne na n-orgánach sin*

# Cláir ghalar ECDC: rian a choinneail ar eipidéimeolaíocht galar

Agus sonraí acu ó bheagnach 60 galar agus ábhar sláinte ar nós na frithsheasmhachta in aghaidh ábhar frithmhiocróbach ó gach Ballstát AE, is féidir le heolaithe ECDC pictiúr mionsonraithe a léiriú den chás eipidéimeolaíochta reatha (agus stairiúil) san Eoraip.

Déanann an Lárionad faireachán ar threochtaí ó thaobh na ngalar de, agus molann sé bearta do chosc galar agus ráigeanna. Grúpáiltear saothar ECDC maidir le galair ina 'gCláir Ghalar'.

## Baictéir fhrithsheasmhacha in aghaidh antaibheathach agus ualach sláinte níos troime na hEorpa

**Frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe atá bainteach leis an gcúram sláinte (Clár ARHAI)** Nuair a thosaigh ECDC ag obair ar staidéar nua le measúnú a dhéanamh ar an ualach sláinte arb ionfhabhtuithe le baictéir fhrithsheasmhacha in aghaidh antaibheathach san AE/LEE is cúis leo, d'fhéach saineolaithe ar na tacair shonraí Eorpacha ba dhéanaí, cheadaigh iad dá gcaighdeán, agus d'aontaigh ar mheastachán cuibheasach caomhach. Thángthas chun na conclúide go scanrúil leis an staidéar go bhfaigheann 33 000 Eorpach bás gach bliain mar thoradh díreach ar ionfhabhtuithe le baictéir fhrithsheasmhacha in aghaidh antaibheathach. Is sna hospidéil a fhaightear go leor de na hionfhabhtuithe sin.


Léiríodh an dá shuirbhé a foilsíodh an Lá Feasachta Eorpach in aghaidh Antaibheathach 2018 go bhfuil éagsúlacht mhór ann idir tíortha ó thaobh leitheadúlacht na n-ionfhabhtuithe sa chúram sláinte agus úsáid fhrithmhiocróbach. Is scanrúla é an mórphictiúr fós: agus 8.9 milliún cás ag tarlú gach bliain sna hospidéil agus sna saoráidí cúraim fhadtéarmach, tá fadhb de mhéid ollmhór os comhair na hEorpa.

Faigheann duine amháin as gach triúr othar san AE ábhar frithmhiocróbach amháin ar a laghad lá ar bith. Ní theastaíonn na drugaí sin go léir ó thaobh na míochaine de, agus rannchuirtear le scaipeadh na frithsheasmhachta faighte frithmhiocróbaí lena n-oideasú. Thug ECDC le chéile roinnt líonraí faireachais i gcomhdháil le tabhairt faoin saothar maidir leis sin; d'fhreastail 300 ionadaí ó na Ballstáit uirthi sin.

I gcaitheamh na bliana thug saineolaithe ECDC cuairt ar a gcomhghleacaithe sa Bhulgáir, san Iorua, agus sa Ríocht Aontaithe chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna na frithsheasmhachta faighte frithmhiocróbaí.

Coinníonn ECDC air ag feidhmiú mar phríomh-rannpháirtí leis an Tascfhórsa Trasatlantach maidir leis an bhFrithsheasmhacht Fhaighte Fhrithmhiocróbach, agus rannhuidigh le Comhghníomh AE maidir le Frithsheasmhacht Fhaighte Fhrithmhiocróbach agus Ionfhabhtú Faighte san Ospidéal. Léirítear na gníomhaíochtaí sin go mionsonraithe ar láithreán gréasain ECDC.





# Céard is veicteoir ann? Agus an éireoidh mé tinn leis?

**Galair atá ag teacht chun cinn agus galair veicteoir-iompartha (Clár EVD)** Tagraítear leis an téarma 'veicteoir galair' de ghnáth d'artrapóid (muiscítí, cuileanna, míoltóga gainimh, míolta, dreancaidí, sceartáin, agus fíneoga) ar a bhfaightear agus a tharchuireann miocrorgánaigh ionfhabhtaíocha isteach chuig orgánaigh bheo eile.

Galar amháin mar sin is ea fiabhras na Níle Thiar, ar víreas is cúis leis ar gnách gurb iad na muiscítí ionfhabhtaithe a scaipeann é. I gcomparáid leis an gcás a bhí ann gan ach roinnt blianta ó shin, tá méadú mór tar éis teacht ar líon na gcásanna d'fhiabhras na Níle Thiar. Rinne ECDC faireachán ar an ráig is mó de víreas na Níle Thiar laistigh den Eoraip go nuige seo. Thuairiscigh tíortha Eorpacha níos mó ná 2 000 ionfhabhtú daonna arna dtarchur go háitiúil sa bhliain 2018, líon a sháraigh an comhiomlán ó na seacht mbliana roimhe sin gan dua ar bith (1 832 cás).


Tá nuashonruithe seachtainiúla agus léarscáileanna faoi ionfhabhtuithe víreas na Níle Thiar san Eoraip ar fáil ar láithreán gréasáin ECDC; foilsíonn ECDC léarscáileanna freisin maidir le leithdháileadh na speiceas muiscítí, sceartán agus míoltóg gainimh éagsúil ar veicteoirí galair do dhaoine agus d'ainmhithe iad. Ba sa bhliain 2018 a rinneadh staidéar allamuigh maidir leis na straitéisí rialaithe veicteora d'fhiabhras na Níle Thiar san Eoraip, a cuireadh i gcrích mar threoirstaidéar sa bhliain 2017. Ina theannta sin, rinneadh trí staidéar allamuigh ar rialú muiscítí ionracha; is féidir pataiginí a fháil ar na muiscítí sin a d'fhéadfadh fiabhra deinge, chikungunya agus Zika a ghiniúint.

Tar éis go leor blianta nach bhfacthas ach líon beag cásanna tuairiscithe iontu, rinne an fiabhras deinge a shlí ar ais chun na hEorpa, agus tuairiscíodh níos mó ná 3 000 cás le trí bliana anuas. Ba chásanna an chuid is mó acu a tháinig isteach, ach is féidir leis an tarchur áitiúil tarlú sna ceantair ina bhfaightear muiscítí *Aedes* ionfhabhtaithe: deimhníodh go luath i mí Dheireadh Fómhair 2018 naoi gcás den deinge uatheascarthach laistigh den AE, trí chás sa Spáinn agus sé chás sa Fhrainc, i dtrí ráig ar leithligh.

In éineacht leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), choinnigh ECDC air ag bailiú sonraí faoi veicteoirí artrapóid (feithidí agus speicis neasghaolta) ar ghalair dhaonna agus ainmhithe; agus d'fhoilsigh léarscáileanna veicteora nuashonraithe ar a láithreán gréasáin lena leithdháileadh agus forás san Eoraip a léiriú.

Is feasach don Lárionad freisin an riosca a bhaineann le galair nár gineadh ráigeanna leo san Eoraip go fóill. Mar shampla, d'ullmhaigh an Lárionad roinnt mear-mheasúnachtaí riosca i ndáil le ráigeanna Ebola san Afraic: an mbaineann riosca dá dteacht isteach leo, an bhfuil saoránaigh Eorpacha i mbaol? Fuarthas faoiseamh leis an bhfreagra sa bhliain 2018 nach mbaineann agus nach bhfuil.

*Barr ar chlé: Ní veicteoirí galair iad gach muiscít*
*Bun: Baictéir Borreliae. Is galar veicteoir-iompartha é an bhorallóis fhiabhrach athiompaitheach ina bhfeictear ardfhiabhrais athfhillteacha, cráphianta sna matáin agus an masmas. Tarchuirtear an galar trí ghreamanna míolta nó sceartán le coirp bhoga; faightear an galar san Eoraip i gcodanna den Mheánmhuir.*







# Is amhlaidh ar uairibh nach leor é an mana, ‘Bruith é, Cócaráil é, glan é nó déan dearmad air!

**Galair bhia-iompartha agus uisce-iompartha agus zónóisí (Clár FWD).** Is ionann EPIS-FWD agus córas faisnéise eipidéime ECDC maidir le galair bhia-iompartha agus uisce-iompartha. Tháinig ardú ar líon na bhfiosruithe práinneacha maidir le EPIS-FWD ó 53 sa bhliain 2017 chuig 77 sa bhliain 2018, ar mhéadú beag ach suntasach mar sin féin é. Ba é *Listeria monocytogenes* ba chúis le ráig an-tromchúiseach amháin, ónar tháinig roinnt básanna. Tháinig ECDC agus EFSA le chéile chun an ráig sin a fhiosrú a thuilleadh, agus d’eagraigh seicheamhú lánghéanóim na pataigine. Deimhníodh leis na torthaí gur bhaisc glasraí reoite an fhoinse dhóchúil leis an ráig.

Mar chuid de chomhiarracht eile, d’fhoilsigh ECDC agus EFSA dhá thuarascáil chuimsitheacha: ceann amháin faoi threochtaí agus foinsí na zónóisí; oibreáin zónóiseacha agus ráigeanna bia-iompartha (sonraí 2017), agus ceann amháin faoin bhfrithsheasmhacht in aghaidh frithmhiocróbach sna baictéir zónóiseacha agus táscairí ó dhaoine, ainmhithe agus bia (sonraí 2016).

Thug ECDC cuireadh do rannphháirtithe ó shé thír chuig ceardlann ullmhachta maidir le teagmhais iltíre sa tsábháilteacht bia agus sláinte phoiblí. Oibríonn an Lárionad clár idirmhalartaithe gairmiúil do shaineolaithe sna galair bhia-iompartha agus uisce-iompartha.

Ó thaobh na teicneolaíochta de, bhí ECDC i dtús cadhnaíochta le hanailís chéadbhraisle a stiúradh, leis na sonraí á n-aisghabháil ón mbunachar sonraí TESSy don tíopáil mhóilíneach.

Chistigh ECDC roinnt measúnuithe cáilíochta seachtraí (MCSanna). Déantar faireachán leis na MCSanna ar fheidhmiú saotharlainne ach samplaí comhionanna a thaisceadh i saotharlanna ar fud na hEorpa. Déantar comparáid idir cruinneas na dtorthaí, agus faigheann gach saotharlann scórchlár ina mionsonraítear a feidhmiú. Ba phríomhuirlisí iad na MCSanna chun feidhmiú saotharlainne a fheabhsú. Sa bhliain 2018, d'eagraigh ECDC MCSanna don *Listéire*, *Salmonella*, *Chamapalabaictéar*, agus STEC. Ina theannta sin, d’eagraigh an Lárionad scrúdú inniúlachta do chóimeáil lánghéanóim *Listeria monocytogenes*.

*Barr ar chlé:* Listeria monocytogenes *ar agar fola capaill ón gColóim agus an fear dár ainmníodh é, an Dr Joseph Lister (1827 – 1912)*
*Bun ar dheis: Léamha seicheamh DNA*




*Brighton Pride, 2018: Ní féidir é a chur ar aghaidh, ní chuirfear ar aghaidh é.*




# Cosc VEID: próifilacsaigh agus próifilacsas réamhnochta

**VEID, Ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus heipitíteas víreasach (Clár HASH).** Dírítear tríú Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na NA ar an tsláinte agus ar an bhfolláine: 'Beatha shláintiúil a chinntiú agus folláine a chur chun cinn do gach aoisghrúpa.' D'fhéadfadh faireachán ar dhul chun cinn i dtreo na sprice sin i limistéar VEID/SEIF a bheith ina thasc scanrúil. Theastaigh ó ECDC agus ó EDS le dlúthbhaint shuntasach UNAIDS ag cruinniú líonra faireachais VEID na bliana 2018, deis a thabhairt do shaineolaithe ar ghalair chun an cheist a fhiosrú níos doimhne faoin gcaoi ina bhféadfaí an dul chun cinn i dtreo an tríú Sprioc Forbartha Inbhuanaithe a thomhas go hoibiachtúil. Rinneadh saothar comhchosúil maidir le Forógra Bhaile Átha Cliath (ina socraítear clár uaillmhianach do VEID/SEIF): Athbhreithníodh an faireachán ar an bhfreagairt VEID, agus ailíníodh é le spriocanna na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Rinneadh sa Chlár freisin:

- seoladh a uirlise samhaltaithe cruinnis dá mheastacháin VEID ;
- treoirchlár dá chóras faireachais nua maidir le frithsheasmhacht VEID in aghaidh drugaí i naoi dtír AE;
- cruinnithe saineolaithe a eagrú, i gcomhar le UNAIDS maidir le seachadadh an phróifilacsais réamhnochta;
- foilsiú treorach tástála VEID, heipitíteas B agus heipitíteas C comhtháite;
- seoladh an chéad bhunachair shonraí idirghníomhaigh ar líne maidir le staidéir leitheadúlachta faoin heipitíteas B agus heipitíteas C; agus
- treoirchlár ar phrótacal suirbhéireachta séirileitheadúlachta le haghaidh heipitíteas C le measúnú a dhéanamh ar ualach fíor an ghalair i dtrí thír.




Influenza in Europe
Data from EU and EEA countries for the 2017–18 season
Week 20 (14–20 May 2018)
ecdc
Influenza viruses circulating in 2017–2018
Only sentinel specimens are included
Type B/Yamagata 30.1%
Type B/Victoria 0.9%
Type B no lineage 32.9%
Type A unsubtyped 6.4%
11.4%
18.3%
Influenza intensity in week 20
based on sentinel reports of influenza-like illness and/or acute respiratory infections
very high
high
medium
low
no report
Bubble size is indicative of country population
Influenza trend
based on the percentage of sentinel specimens found positive, by week
2016–2017
2017–2018
80%
60%
40%
20%
week number


KILLS BIRD FLU
JEYES
JEYES
FLUID

# Vacsaín do gach séasúr

**Fliú agus víris eile riospráide (Clár IRV).** Teastaíonn instealladh fliú nua uainn gach bliain mar gheall ar thréithchineálacha éagsúla den fhliú a bhíonn i mbun cúrsaíochta go bliantúil. Vacsaín a chosnaíonn i gcoinne na dtréithchineálacha a bhí i mbun cúrsaíochta le linn an tséasúir fhliú dheireanaigh; ní thabharfaidh sí imdhíonacht in aghaidh an tréithchineáil nua i mbliana. Cé go ndealraítear gur féidir vacsaín uilíoch a bheith ann chun cosaint i gcoinne an fhliú shéasúraigh ar feadh na mblianta, b'fhéidir nach dtabharfaí isteach í go ceann blianta fada. Idir an dá linn, is ionann fáil na vacsaíne fliú is déanaí agus an beart is fearr ar féidir linn a dhéanamh dár gcosaint féin agus do chosaint gach duine.

Cailltear tuairim ar 40 000 beatha in aghaidh na bliana laistigh de Réigiún EDS na hEorpa leis na galair riospráide a bhaineann leis an bhfliú séasúrach. In ainneoin na bhfigiúirí uafásacha sin, ní bhfaigheann ach cion beag den daonra vacsaín. Tarlaíonn os cionn 75% de na básanna sin i measc daoine os cionn 65 bliain d'aois, ach is íseal go fóill é an glacadh le vacsaíní sa rioscaghrúpa sin. Tugann tuairim ar leath amháin de na tíortha laistigh de Réigiún EDS na hEorpa vacsaíniú do níos lú ná duine amháin as gach triúr daoine scothaosta. Tá na rátaí vacsaínithe go maith faoi bhun 50% fiú amháin i measc na n-oibrithe cúraim shláinte.

Foilsíonn ECDC agus Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip figiúirí seachtainiúla gach séasúr faoin bhfaireachas fliú. Tacaíonn na sonraí foilsithe go soiléir le saothar fairsing ECDC sa réimse sin: tá an fliú fós ina bhagairt mhór don tsláinte phoiblí, agus ní foláir a bheith faireach i gcónaí.

Is gné thábhachtach eile de shaothar an Chláir é an fliú éanúil. Amhail na blianta roimhe seo, d'fhoilsigh ECDC agus EFSA comhthuarascálacha ráithiúla um measúnú de réir ócáide faoin bhfliú éanúil. D'eisigh an Lárionad tuarascáil faoi bheartais agus cumhdach maidir leis an bhfliú, lenar deimhníodh in athuair go bhfuil cumhdach na vacsaíní san Eoraip i measc daoine scothaosta ró-íseal. Rinneadh meastachán sa Chlár i dtuarascáil eile gurbh ionann éifeachtacht na vacsaíne idir na blianta 2015 agus 2018 agus timpeall ar 40%.

Rinne an Lárionad athbhreithniú ar phleananna ullmhachta náisiúnta in aghaidh paindéimí, agus leagadh béim ar easnaimh ann agus moladh bearta leasúcháin. Cuireadh faireachas ar chúrsaí na ngalar géar agus an faireachas géanóm-bhunaithe leis an ngnáthfhaireachas fliú – rud a chuir go mór le caighdeán an fhaireachais. Rinneadh meastóireacht ar na córais faireachais don fhliú agus SARS, agus rinneadh meastóireacht ar an gClár Fliú agus Víreas Riospráide eile é féin d'fhonn rian a choinneáil ar chaighdeán agus ar éifeachtacht a aschuir.

Dhréachtaigh ECDC tuairim faoi idirghabhálacha neamhchógaisíochta le linn paindéime; ní léirítear ach fianaise theoranta d'éifeachtúlacht leis an gcuid is mó de na hidirghabhálacha de réir conclúidí na ndoiciméad.

*Barr: Vacsaín in aghaidh fliú. Instealladh beag amháin... agus sin é é*
*Bun ar chlé: Grafaic faisnéise sheachtainiúil don fhliú*
*Bun ar dheis: 'Maraítear fliú éanúil'? Is mór an trua nach bhfuil sé chomh furasta sin.*


ecdc
World Health Organization
REGIONAL OFFICE FOR Europe
Tuberculosis surveillance and monitoring in Europe
2018
2016 data


ERS EUROPEAN RESPIRATORY SOCIETY
every breath counts
ecdc
EUROPEAN CENTRE FOR DISEASE PREVENTION AND CONTROL
European Union Standards for Tuberculosis Care
2017 update

# An féidir linn an eitinn folaigh a chosc?


**An Eitinn (Clár na hEitinne).**
Téann ionfhabhtú eitinne folaigh i bhfeidhm ar gach seachtú duine laistigh de Réigiún EDS na hEorpa. Éiríonn an deichiú cuid de dhaoine ionfhabhtaithe tinn leis an eitinn ghníomhach le linn a mbeatha. Líonann doiciméad treorach an Lárionaid maidir le bainistiú clárúcháin na heitinne folaigh easnamh ríthábhachtach mar chuid d'iarrachtaí Eorpacha um chosc na heitinne.

Is féidir teacht ar léargas cuimsitheach den chás eipidéimeolaíochta den eitinn i dtuarascáil bhliantúil na bliana 2018 maidir le *Faireachas agus faireachán ar an eitinn san Eoraip*. Eisíodh an tuarascáil, ar comhthionscadal í le ECDC agus le hOifig Réigiúnach EDS don Eoraip, roimh Lá Domhanda na hEitinne an 24 Márta 2018.

Ba mar chuid de thionscadal trí bliana a thacaigh ECDC le cúig thír ardtosaíochta Eitinne (an Bhulgáir, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, agus an Rómáin) trí mheán cuairteanna idirmhalartaithe agus cúrsaí oiliúna. Leanfar ar aghaidh agus leathnófar an tionscadal sa bhliain 2019, agus aghaidh á tabhairt ar éilimh i ndáil leis an eitinn i mBallstáit bhreise. Dírítear ar na héilimh fíor-inbhraite sna Ballstáit freisin leis na *caighdeáin nuashonraithe den Aontas Eorpach don chúram eitinne*, a foilsíodh sa bhliain 2018 agus a aistríodh chuig gach teanga oifigiúil AE.


Sheol ECDC i mí Aibreáin tionscadal lenar bailíodh fianaise don seicheamhú lánghéanóim don eitinn. Is sampla eile é an tionscadal den fhás san úsáid den seicheamhú lánghéanóim sa diagnóisiú agus san fhaireachas ar ghalair.

*Ar chlé: An dearadh nua den tuarascáil eitinne, comhthionscadal le ECDC agus le hOifig Réigiúnach EDS don Eoraip.*
*Ar dheis: 'Saothraítear gach anáil': caighdeáin nuashonraithe AE don chúram eitinne. D'fhoilsigh ECDC an doiciméad i ngach aon teanga AE/LEE*



**The last week of April is European Immunisation Week**

Find out more at www.ecdc.europa.eu



# An scéal rathúil is mó riamh


**Galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú (Clár VPD).** Tá vacsaíní ar cheann de na héachtaí sláinte phoiblí is mó. Tháinig laghdú mór ar an ualach galar i measc na ngalar teagmhálach leo, agus táthar ag súil go réasúnta go n-éireoidh níos mó galar ina ngalair inchoiscthe le vacsaíní. Ar an drochuair, tá go leor vacsaíní tar éis a bheith ró-rathúil. Agus roinnt galar atá inchoiscthe le vacsaíní tar éis meathlú nó fiú amháin tar éis imeacht den saol, ceapann roinnt daoine nach gá dóibh teanndáileog a fháil – nó gan an vacsaín a fháil ar chor ar bith – agus nach mbeidh droch-iarmhairtí ar bith ann dá bharr. Léiríodh leis an líon ráigeanna bruitíní sa bhliain 2018 nach amhlaidh an cás ar chor ar bith. Na mear-mheasúnachtaí riosca faoi ráigeanna bruitíní agus nuashonruithe míosúla dá thuairiscí faireacháin ar an mbruitíneach agus ar an mbruitíneach dhearg; is leosan a thacaíonn ECDC go neamhbhalbh le sprioc díothaithe bruitíní na EDS.

Soláthraíodh leis an gClár VPD sa bhliain 2018 fianaise theicniúil agus ionchur eolaíochta do Mholadh ón gComhairle maidir le vacsaíní a cuireadh faoi bhráid i mí Aibreáin agus a glacadh i mí na Nollag. Bhunaigh ECDC próiseas comhoibrithe chun tacú le grúpaí comhairleacha teicniúla náisiúnta faoin imdhíonadh ar a dtugtar NITAGS, leis an gcuspóir chun comhoibriú agus idirmhalartú eolaíochta a neartú ar fud na hEorpa.

Ar leibhéal níos praiticiúla, d’fhoilsigh ECDC lámhleabhar maidir le dearadh agus forfheidhmiú na gcóras faisneise ímdhíonta, agus mhodhnaigh a chóras faireachais don triuch agus don ghalar niúmacocúil ionrach. Lean an Sceidealóir Vacsaíne AE ar aghaidh de bheith ar cheann de na gnéithe is mó ar a dtugtar cuairt ar láithreán gréasáin ECDC.




*Barr ar chlé: Seachtain Imdhíonachta Eorpach a chur chun cinn*
*Bun ar chlé: Imdhíonacht tréada a léirshamhlú*
*Ar dheis: Tuít físeáin*




*Ar chlé: Seatanna scáileáin ó aip mhóibíleach ECDC* Threat Report
*Bun: Lárionad Oibríochtaí Éigeandála nua le ECDC*



# Cur chuige atá bunaithe ar fhíricí i leith sláinte phoiblí na hEorpa

## Faireachas ar ghalair

Ní foláir bonneagar TF an-daingean a bheith ann i bhfianaise mhéid ollmhór na sonraí eipidéimeolaíochta a chuireann ár gcomhpháirtithe isteach. Leis an líon méadaitheach sonraí galar a phróiseáil agus chun coinneáil suas le forbairtí teicneolaíochtaí, sheol ECDC tionscadal ais-innealtóireachta dá chórais faireachais sa bhliain 2018.

Lean ECDC ar aghaidh le tionscadal EPHESUS. Is ionann an t-acrainm EPHESUS (sa Bhéarla) agus*Meastóireacht ar chórais faireachais sláinte phoiblí an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch*, agus déantar measúnú ann ar 52 córas faireachais ghalar i 30 tír. I dteannta leis an bhfaireachas caighdeánach, clúdaítear leis an tionscadal freisin seirbhísí saotharlainne arna gcistiú ag ECDC, gnáth-thíopáil mhóilíneach/gheoiméadrach agus gnáthfhaireachán ar theagmhais ghalar ionfhabhtaíoch.

Áiríodh le hAtlas Faireachais ar Ghalair Thógálacha idirghníomhach ar líne ECDC sa bhliain 2018 sonraí maidir le 56 galar agus ábhar faoi ghalair. Is féidir le húsáideoirí tacair shonraí aonair a roghnú agus léarscáileanna galar saincheaptha a ghiniúint. Cuireadh sonraí maidir le hídiú ábhar frithmhiocróbach leo sa bhliain 2018, inar tugadh tásc soiléir – agus tásc fíor-amharcléirithe – ar an tábhacht a bhaineann le húsáid stuama na n-antaibheathach.

Chuidigh saineolaithe ECDC le hullmhú an ghnímh chur chun feidhme le Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE maidir le bagairtí trasteorann don tsláinte ach sainithe cáis a sholáthar do ghalair ar nós na néarbhorallóise Lyme, na deinge, chikungunya agus Zika.

Táthar ag athrú an chaoi ina ndéanaimh faireachas ar ghalair agus ina mbailímid sonraí leis an seicheamhú lánghéanóim (WGS - whole genome sequencing). Tháinig an Lárionad ar chomhaontú sa bhliain 2018 leis na Ballstáit faoin gcaoi chun sonraí pataiginí WGS a anailísiú, a idirmhalartú agus a stóráil ar fud na hEorpa.

## Faisnéis eipidéime

Braitheadh 377 teagmhas galar sa bhliain 2018 tríd an bhfaisnéis eipidéime. D'fhéadfadh 'teagmhas' a bheith in ráig ar nós Ebola in Iarthar na hAfraice nó braisle chuibheasach bheag de ghalar na Léigiúnach ar long chúrsála san Eoraip. Ní bhraithfí roinnt ráigeanna Eorpacha riamh in éagmais roinnt cur chuige nuálach: Is féidir le húsáid teicneolaíochtaí na meán sóisialta agus sluafhoinsithe ag ECDC táscairí de ráigeanna a bhrath, nach dtabharfaí aird ar bith orthu gan iad. Bímid páirteach freisin le faireachán ar theagmhais ina mbailíonn na sluaite daoine le chéile, ach leas a bhaint as cur chuige comhchosúil.

Scaiptear tuairiscí faireachais thar ár láithreán gréasáin, ach tá líon méadaitheach úsáideoirí tar éis aip Threat Report le ECDC a shuiteáil do ghléasanna móibíleacha, agus táthar tar éis os cionn 25 000 doiciméad a íoslódáil cheana féin ó eisíodh í.





Barr: Pictiúr taobh istigh d'fhoirgneamh nua ECDC
Bun ar chlé: Cruinniú d'Fhóram Comhairleach ECDC
Bun ar dheis: Tairgtear spás cruinnithe foirmiúil agus neamhfhoirmiúil leis an bhfoirgneamh nua



# Ullmhacht

Is bunchloch faoin tsláinte phoiblí í an ullmhacht. Cuidíonn ECDC le Ballstáit AE chun sásraí freagartha a bhunú agus a choigeartú chun bagairtí don tsláinte phoiblí a chosc, chun freagairt dóibh agus chun teacht aniar uathu; rud a thabharfaidh cumhdach do shláinte phoiblí na hEorpa i limistéar na ngalar teagmhálach.

Chuidigh foireann ECDC leis an Rómáin sa bhliain 2018 chun plean ullmhachta náisiúnta a fhorbairt d'éigeandálaí sláinte phoiblí. Ba é ECDC a sholáthair tacaíocht theicniúil don Choimisiún Eorpach ar roinnt tascanna atá nasctha le cur chun feidhme Airteagal 4 de Chinneadh Uimh. 1082/2013/AE maidir le bagairtí trasteorann tromchúiseacha don tsláinte.

Léiríodh an ullmhacht ag leibhéal praiticiúil le heisiúint uirlis Féin-Mheasúnú HEPSA faoi Ullmhacht Éigeandála Sláinte ECDC, rud a ligeann do thíortha iniúchadh 'ullmhacht éigeandála' a stiúradh.

Áiríodh le gníomhaíochtaí eile tuarascáil ullmhachta pobail, cúrsa oiliúna maidir le feasacht faoi bhithriosca, agus cleachtadh ionsamhlúcháin aonlae. D'fhoilsigh an Lárionad doiciméad treorach freisin faoin gcaoi chun moltaí dea-chleachtais a bhaint de na cleachtaí, athbhreithnithe agus measúnachtaí.

# Freagairt

Braitheann measúnuithe riosca go mór ar chaighdeán na sonraí galar a fhaigheann an Lárionad agus ar na saineolaithe a dhéanann anailís orthu.

D'fhonn an cháilíocht a áirithiú is amhlaidh a bhíonn speisialtóirí i ngalair tógálacha ó na Ballstáit i gceist páirteach le ECDC ag táirgeadh a mhear-mheasúnaithe riosca. Bhíodh fostú an tsaineolais sheachtraigh ina phróiseas cuibheasach casta, ach d'éirigh leis an Lárionad tar éis athbhreithniú domhain a nósanna imeachta a shimpliú do shaineolaithe galar seachtrach ó na Ballstáit. Bhain go leor de 35 mearmheasúnú riosca agus 16 nuashonrú eipidéimeolaíochta an Lárionaid a léiríodh sa bhliain tairbhe cheana féin as an nós imeachta nuashonraithe.

Ó thaobh na teicneolaíochta de, d'eisigh an Lárionad leagan athdheartha agus an-fheabhsaithe den EWRS (Córas Luathrabhaidh agus Freagartha) i mí Mheán Fómhair na bliana 2018.

Tarlaíonn idirghabhálacha allamuigh lasmuigh den Eoraip má theastaíonn an méid sin ón gcás. Chuaigh duine amháin dár saineolaithe amach sa bhliain 2018 ar mhisean freagartha chuig Daon-Phoblacht an Chongó chun tacú le bearta faireachais arna gcomhordú leis an Ard-Stiúrthóireacht um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta.

# Comhairle eolaíochta


Clúdaítear leis an gComhairle eolaíochta gach limistéar den tsláinte phoiblí. Ag cloí le beartais rochtana oscailte ECDC, leithdháiltear torthaí taighde trí láithreán gréasáin an Lárionaid, go saor in aisce.

Fuair ECDC 31 iarratas sa bhliain 2018 ar chomhairle ón gCoimisiún Eorpach agus ó Pharlaimint na hEorpa. Foilsíodh níos mó ná dhá chéad doiciméad eolaíochta ar láithreán gréasáin ECDC, lenar áiríodh cúig dhoiciméad treorach sa tsláinte phoiblí; eisíodh 86 páipéar eolaíochta eile a scríobh eolaithe ECDC in iriseáin phiar-athbhreithnithe ar nós *Eurosurveillance*.

Aicmíodh *Eurosurveillance*, iriseán eolaíochta ECDC, mar an cúigiú ceann i measc na n-iriseán sna galair thógálacha, agus bhain amach fachtóir tionchair de 7.1 sa bhliain 2018.

Mealladh 600 rannpháirtí ó 50 tír chuig ESCAIDE i mí na Samhna, ar príomh-chomhdháil eolaíochta ECDC í.





# Micribhitheolaíocht

**Tá an Mhicribhitheolaíocht** ar cheann de na limistéir a fuair go leor airde sa bhliain 2018, den chuid is mó de bharr foráis tapa a rinneadh le seicheamhú DNA lena ligtear d'eolaithe seichimh phataiginí a chur i gcomparáid agus ráigeanna a bhrath i dtaca leis an bhfoinse chéanna. Mar thoradh air sin, d'athbhreithnigh ECDC a phlean oibre don tíopáil mhóilíneach, déantar iniúchadh sa phlean oibre anois fapoin tionchar a bheidh ag an tíopáil mhóilíneach ar an bhfaireachas galair Eorpach.

Gintear líonta abhalmhóra sonraí leis an tíopáil mhóilíneach, agus teastaíonn leibhéal ard cumhachta ríomhaireachtúla uaithi. Mhol micribhitheolaithe ECDC ardán Eorpach comhchoiteann don bhainistiú agus don anailísiú sonraí seicheamh-bhunaithe. Nuair a bheidh sé sin curtha i bhfeidhm, is ionann an méid sin agus athrú paraidíme san fhaireachán ar ghalair, go háirithe maidir le himscrúduithe ar ráigeanna iltíre anseo san Eoraip.

Limistéar eile a bhféachann ár bhfoireann micribhitheolaíochta air is ea cumas na saotharlann agus rialú cáilíochta. Déanann ECDC measúnú rialta ar chaighdeán na saotharlann ar fud na hEorpa sna MCSanna faoi mar a thugtar orthu, na measúnuithe cáilíochta seachtraí. Tairgtear le modheolaíocht EULabCap ECDC foireann uirlisí sainoiriúniathe as a mbaintear leas chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeán agus ar éifeachtúlacht na saotharlann. Bhain an t-innéacs feidhmíochta scór spreagúil de 7.5 bpointe as 10 bpointe sa tuarascáil EULabCap is déanaí, ag léiriú 'leibhéil chumais idir meánacha agus arda' maille le heasnaimh chumais chraptha idir tíortha.

Bunaítear gach gníomhaíocht sa limistéar sin ar Straitéis *ECDC don mheasúnú cáilíochta seachtraí ar shaotharlanna micribhitheolaíochta sa tsláinte phoiblí*. Nuashonraítear an straitéis sin go síoraí de bharr forbairtí tapa sa réimse. Foilsíodh an leagan deireanach den Straitéis i mí an Mheithimh 2018.

*Ar chlé: CTTGACCACC... Léamh de sheicheamh DNA*




Luxembourg
Malta

# Nasc a chothú le pobal sláinte phoiblí na hEorpa

## Oiliúint sa tsláinte phoiblí

Ullmhaíonn **Clár Comhaltachta ECDC** eipidéimeolaithe allamuigh (EPIET) agus micribhitheolaithe allamuigh (EUPHEM) le bheith in ann idirghabháil a dhéanamh i ráigeanna trasteorann agus i mbagairtí eile don tsláinte phoiblí. Nasctar leis go leor eagras Eorpach sa tsláinte phoiblí ar leibhéal gairmiúil, agus go minic freisin ar leibhéal pearsanta.

Chéimnigh 37 comhalta ón gClár sa bhliain 2018, le 434 rannpháirtí eile ag freastal ar chúrsaí trí ghníomhaíochtaí forbartha gairmiúla leanúnacha ECDC. Cé go mbeidh láithreacht idirphearsanta de dhíth ar roinnt cúrsaí, is féidir cúrsaí Acadamh Fíorúil ECDC (EVA) a dhéanamh ar líne. Eisíodh ceithre chúrsa nua ar líne sa bhliain 2018, agus nuashonraíodh roinnt eile.

Leagtar an phríomhbhéim le clár oiliúna ECDC ar a chuid cúrsaí agus seimineár féin, ach déanann an Lárionad faireachán freisin ar ghníomhaíochtaí oideachasúla in earnáil sláinte phoiblí na hEorpa: léiríodh i suirbhé a rinneadh i measc comhaltaí de Chumann na Scoileanna Sláinte Phoiblí sa Réigiún Eorpach go bhfuil tairiscintí i réimse chosc agus rialú na ngalar teagmhálach ag éirí níos cuimsithí.

*Barr ar chlé: Dame Sally Claire Davies, Príomhoifigeach Míochaine do Shasana, ag ESCAIDE 2018 i Vaileite, Málta*
*Bun ar chlé: Plé a dhéanamh ar na figiúirí is déanaí don heipitíteas B*

**Caidreamh idirnáisiúnta agus tacaíocht tíre.** Cothabhálann ECDC líonra gairmiúil fairsing. Bhíodh caidreamh láidir ann idir Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip agus ECDC go traidisiúnta. Leathnaíodh an chomhbhrandáil sa bhliain 2018 ar gach comhtháirge idir ECDC agus EDS na hEorpa (tuarascálacha, preaseisiúintí agus láithreoireachtaí). Fuair ECDC cuairteanna oifigiúla sa bhliain 2018 ó Lárionad na Síne um Ghalair a Rialú agus a Chosc agus ó Lárionaid na hAfraice um Ghalair a Rialú agus a Chosc.

Leagtar béim eile ó thaobh gníomhaíochta de ar na tíortha réamhaontachais. Nuair a bhain ECDC leas as modheolaíocht EULabCap oiriúnaithe le haghaidh tástála cumais, léiríodh sna torthaí éileamh soiléir ar chumas saotharlainne breise sa ghrúpa tíortha sin.

Bhain ríthábhacht le ECDC chun plean gníomhaíochta a chruthú don Úcráin, ar tír chomharsanachta AE í. Chuidigh an Lárionad freisin leis an Macadóin Thuiadh chun plean tíre a fhorbairt mar bheart leantach ar mheasúnuithe a rinneadh roimhe seo sna blianta 2015 agus 2016.

D'eagraigh sásra tacaíochta tíre ECDC cúrsaí oiliúna maidir le glacadh vacsaíní, rialú ionfhabhtuithe agus sábháilteacht paitinní, agus thacaigh le táirgeadh na bpleananna ullmhachta náisiúnta. Ar iarratas a fháil ón gCoimisiún Eorpach, rinne ECDC measúnú ar na córais don fhaireachas ar ghalair theagmhálacha sa Chosaiv*.

** Tá an t-ainmniúchán seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244, agus le Tuairim CBI maidir le Forógra Saoirse na Cosaive..*

# Cumarsáid faoin tsláinte phoiblí

Dírítear go leor dár ngníomhaíochtaí cumarsáide ar phobal sláinte phoiblí na hEorpa, ar shaineolaithe, eolaithe agus iriseoirí sa tsláinte phoiblí den chuid is mó. D'eisigh an Lárionad 214 foilseachán don spriocghrúpa sin sa bhliain 2018, mar chuid de mheascán le cothromaíocht mhaith idir grinntuarascálacha taighde agus mearmheasúnaithe riosca/fianaise. Reáchtálann an Lárionad roinnt cuntas Twitter freisin, le líon méadaitheach leantóirí (móide 19% sa bhliain 2018), go leor acu lasmuigh den phobal sláinte phoiblí.

B'ábhair ardspéise iad go fóill an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach, fiabhras na Níle Thiar, an bhruitíneach agus Ebola síos tríd an mbliain 2018, agus léiríodh an méid sin i go leor dár bhfoilseacháin. Díríodh feachtais sláinte an Lárionaid – ag díriú ar spriocluchtanna poiblí – timpeall ar laethanta feasachta poiblí: D'fhorbair ECDC ábhair chumarsáide don Lá Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach, Lá Domhanda na hEitinne, Seachtain Imdhíonachta na hEorpa, agus an Lá Domhanda SEIF.


*Ar chlé: I dteannta leis an ngnáthbhailiú, faightear i leabharlann ECDC cartlann iomlán de thuarascálacha ECDC*
*Ar dheis: Cruinniú trasearnálach roimh an Lá Domhanda in aghaidh an Heipitítis*





# ECDC de réir na bhfigiúirí

## Cothromaíocht inscne ECDC




## Buiséad 2018




## Baill foirne de réir tír baile




Bhí 267 duine san iomlán fostaithe go reachtúil ag ECDC amhail an 31 Nollaig 2018.

Páipéar TQ-AX-19-001-EN-C
PDF TQ-AX-19-001-GA-N

**An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)**

Gustav III:s Boulevard 40
169 73 Solna, an tSualainn

Fón +46 (0)8 58 60 10 00
Facs +46 (0)8 58 60 10 01
www.ecdc.europa.eu

Gníomhaireacht den Aontas Eorpach
www.europa.eu

Cláraigh lenár bhfoilseacháin a fháil
www.ecdc.europa.eu/en/publications

Déan teagmháil linn
publications@ecdc.europa.eu

Lean sinn ar Twitter
@ECDC_EU

Cliceáil 'is maith liom' ar ár leathanach Facebook
www.facebook.com/ECDC.EU

Publications Office

Páipéar ISBN 978-92-9498-351-0
PDF ISBN 978-92-9498-363-3